CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 81/2020

an 12 Meitheamh 2020

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/530]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Treoir 2013/50/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a bheidh urrúis á dtairiscint don phobal nó nuair a ligfear isteach iad chun a dtrádála agus Treoir 2007/14/CE ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe ó Threoir 2004/109/CE ([1]), arna ceartú le IO L 14, 18.1.2014, lch. 35, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Leasaítear pointe 29d (Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) mar a leanas:

   (i) cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach:

   '— **32013 L 0050:** Treoir 2013/50/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 (IO L 294, 6.11.2013, lch. 13), arna ceartú le IO L 14, 18.1.2014, lch. 35.';

   (ii) athuimhrítear oiriúnuithe (a) agus (b) mar oiriúnuithe (b) agus (c);

   (iii) cuirtear an t-oiriúnú seo a leanas isteach roimh oiriúnú (b):

   '(a) In Airteagal 2(1)(i), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is 'dáta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 81/2020 ó Chomhchoiste LEE an 12 Meitheamh 2020' a léifear in ionad na bhfocal '27 Samhain 2015'.'

2. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 29da (Treoir 2007/14/CE ón gCoimisiún):

   ', arna leasú le:

   — **32013 L 0050:** Treoir 2013/50/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 (IO L 294, 6.11.2013, lch. 13), arna ceartú le IO L 14, 18.1.2014, lch. 35.'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Threoir 2013/50/AE, arna cheartú le IO L 14, 18.1.2014, lch. 35, san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 294, 6.11.2013, lch. 13.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 13 Meitheamh 2020, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meitheamh 2020.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Clara GANSLANDT

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.